2025/82

31.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/82 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i bhfógraí maidir le cnáib

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 223(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, mar sin féin, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i dtaca leis an gcóras ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin.

(3) Le hAirteagal 17(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 déantar foráil maidir le rialacha i ndáil leis an bhfaisnéis a bhfuil fógra le tabhairt ina leith, chomh maith le hábhar, uainiú, minicíocht agus sprioc-amanna na bhfógraí a bhaineann le cnáib. Go háirithe, déantar foráil ann maidir le hoibleagáid na mBallstát fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na forálacha a glacadh maidir le ceadúnais allmhairiúcháin táirgí cnáibe agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na pionóis a forchuireadh nó faoi na bearta a glacadh de thoradh na neamhrialtachtaí a aimsíodh. Chun an t-ualach riaracháin ó na Ballstáit a laghdú agus ós rud é nach gá oibleagáid a fhorchur fógra córasach agus bliantúil a thabhairt faoin bhfaisnéis sin is féidir leis na Ballstáit a chur ar fáil don Choimisiún ar éileamh, níor cheart, dá bhrí sin, na ceanglais tuairiscithe sin a cheangal a thuilleadh. Tá sé sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' ([3]).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Seolfaidh na húdaráis inniúla ainmneacha agus seoltaí na n-údarás atá freagrach as na seiceálacha dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 9(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún na hainmneacha agus na seoltaí sin ar aghaidh chuig údaráis inniúla na mBallstát eile.'.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gcóras ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin (IO L 206, 30.7.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1239/oj).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030' (COM(2023) 168 final, 16.3.2023).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN